C/2026/5301

14.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12641 — L CATTERTON / ALTAS / FULLSCRIPT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5301)

1. An 6 Deireadh Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— L Catterton Management Limited ('L Catterton', an Ríocht Aontaithe) faoi rialú Catterton Management Company, L.L.C. (na Stáit Aontaithe),

— Altas Corporation ('Altas', na Stáit Aontaithe) faoi rialú APH II ULC. (Ceanada),

— Fullscript Inc. ('Fullscript', na Stáit Aontaithe) faoi rialú HGGC, LLC (na Stáit Aontaithe) agus Snapdragon Capital Partners, LLC (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh L Catterton agus Altas rialú comhpháirteach go hindíreach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Fullscript.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

Cuireadh an comhchruinniú céanna in iúl don Choimisiún cheana an 28 Meán Fómhair 2026, ach tarraingíodh an fógra siar ina dhiaidh sin an 1 Deireadh Fómhair 2026.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta atá dírithe ar thomhaltóirí é L Catterton a n-oibríonn a chuideachtaí punainne sa ghnó miondíola agus bialainne, sa ghnó bia agus dí, agus i ngnólachtaí seirbhísí tomhaltóirí agus táirgí tomhaltóirí lena n-áirítear táirgeadh agus díol éadaí leapa, éadaí agus oiriúintí, cosmaidí agus táirgí cumhráin.

— Is gnólacht infheistíochta é Altas atá dírithe ar leasanna a fháil i ngnólachtaí a bhfuil a gceanncheathrú i Meiriceá Thuaidh. Ar na hinfheistíochtaí atá aige cheana tá gnólachtaí a oibríonn i seirbhísí tionsclaíocha, i seirbhísí airgeadais, agus go príomha sna Stáit Aontaithe, i seirbhísí áirithe a bhaineann le cúram sláinte.

— Oibríonn Fullscript ardán dáileacháin ar líne chun vitimíní, mianraí agus táirgí forlíontacha a sholáthar do chleachtóirí cúraim sláinte neamhghnácha agus traidisiúnta, agus dá n-othair nó dá gcliaint sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada. Níl aon oibríocht ag Fullscript sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12641 — L CATTERTON / ALTAS / FULLSCRIPT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË